BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

6 Márta 2025*

(Mainneachtain Stáit – Airteagal 258 CFAE – Cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais – Treoir (AE) 2019/1937 – Airteagal 26(1) agus (3) – Mainneachtain maidir le bearta trasuite a ghlacadh agus fógra a thabhairt fúthu – Airteagal 260(3) CFAE – Iarratas ar ordú chun cnapshuim a íoc – Critéir chun méid an phionóis a shocrú – Comhéifeacht tromchúise a chur i bhfeidhm go huathoibríoch)

I gCás C-152/23,

CAINGEAN mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 agus Airteagal 260(3) CFAE, a tionscnaíodh an 13 Márta 2023,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann J. Baquero Cruz agus M. Salyková ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

v

Poblacht na Seice, dá ndéanann T. Müller, J. Očková, M. Smolek agus J. Vláčil ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ó:

Ríocht na Beilge,

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Séú Dlísheomra, A. Kumin agus I. Ziemele (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

* Teanga an cháis: an tSeicis.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína chaingean, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– a dhearbhú, trí mhainneachtain na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh chun Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO 2019 L 305, lch. 17) a chomhlíonadh, agus trí mhainneachtain na forálacha sin a chur in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na Seice na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh;

– a ordú do Phoblacht na Seice an méid is airde den dá chnapshuim seo a leanas a íoc leis an gCoimisiún:

  – méid EUR 4 900 in aghaidh an lae, arna mhéadú faoi líon na laethanta idir an lá tar éis do thréimhse ama an trasuite a leagtar síos i dTreoir 2019/1937 sin teacht chun deiridh agus an lá a leigheastar an sárú, nó, in éagmais leighis, an lá a chraoltar an breithiúnas sna himeachtaí seo;

  – íosmhéid cnapshuime EUR 1 372 000;

– i gcás go leanfadh an mhainneachtain a leagtar amach sa chéad phointe ar aghaidh go dtí an dáta ar a chraoltar an breithiúnas sa chás seo, a ordú do Phoblacht na Seice íocaíocht phionósach thréimhsiúil a dhéanamh de luach EUR 19 110 in aghaidh gach lae moille ó dháta an bhreithiúnais sin go dtí an dáta a chomhlíonann Poblacht na Seice a hoibleagáidí faoi Treoir 2019/1937;

– a ordú do Phoblacht na Seice na costais a íoc.

An dlí

Treoir 2019/1937

2 Foráiltear mar seo a leanas in aithris 1 de Threoir 2019/1937:

‘[...] [I]s minic a chuirtear sceithirí féideartha óna gcuid ábhar imní nó óna gcuid amhrais a thuairisciú mar gheall ar eagla roimh fhrithbheart. Sa chomhthéacs sin, aithnítear níos mó anois ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon a thábhachtaí atá sé cosaint chothromaithe éifeachtach a chur ar fáil do sceithirí.’

3 De réir Airteagal 1 den Treoir sin:

‘Is é is cuspóir don Treoir seo forfheidhmiú dhlí agus bheartais an Aontais a fheabhsú i réimsí sonracha trí íoschaighdeáin choiteanna a leagan síos lena bhforáiltear d’ardleibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais.’

4 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 26 den Treoir sin:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Nollaig 2021.

[...]

3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh tagairt sna forálacha sin don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.’

Teachtaireacht 2023

5 Le teachtaireacht 2023/C 2/01 ón gCoimisiún dar teideal ‘Smachtbhannaí airgeadais le linn imeachtaí um shárú’ (IO 2023 C 2, lch. 1; ‘Teachtaireacht 2023’), cumhdaítear míreanna 3 agus 4 do ‘íocaíocht phionósach’ agus do ‘íocaíocht chnapshuime’ faoi seach.

6 Foráiltear le pointe 3.2 de Theachtaireacht 2023, a bhaineann le cur i bhfeidhm na comhéifeachta maidir le tromchúis i gcomhthéacs ríomh na híocaíochta pionósaí laethúla, an méid seo a leanas:

‘Meastar i gcónaí gur sárú tromchúiseach é sárú a bhaineann le [...] mhainneachtain fógra a thabhairt maidir le bearta lena dtrasuitear treoir arna glacadh faoi nós imeachta reachtach. Chun méid an phionóis a chur in oiriúint d’imthosca sonracha an cháis, cinneann an Coimisiún an chomhéifeacht thromchúiseach ar bhonn dhá pharaiméadar: tábhacht rialacha an Aontais a sáraíodh nó nár trasuíodh agus éifeachtaí an tsáraithe ar leasanna ginearálta agus ar leasanna áirithe.

[...]’

7 Luaitear an méid seo a leanas i bpointe 3.2.2 den Teachtaireacht sin:

‘I gcás caingne a thionscnaítear faoi Airteagal 260(3) CFAE, déanann an Coimisiún comhéifeacht 10 maidir le tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i gcás mainneachtana iomláine bearta trasuite a fhógairt. In Aontas atá bunaithe ar an urraim don smacht reachta, ní mór na treoracha reachtacha uile a mheas ar bhonn na tábhachta céanna agus ní mór do na Ballstáit iad a thrasuí ina n-iomláine laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos acu.

I gcás mainneachtain pháirteach bearta trasuite a fhógairt, tá tábhacht na bearna trasuite le cur san áireamh nuair a bheidh an chomhéifeacht don tromchúis níos ísle ná 10 á socrú. Ina theannta sin, féadfar éifeachtaí an tsáraithe ar leasanna ginearálta agus ar leasanna ar leith a chur san áireamh [...]’

8 De réir phointe 3.3 den Teachtaireacht sin, dar teideal ‘Feidhm na comhéifeachta don fhad’:

‘[...]

Léirítear an chomhéifeacht don fhad mar iolraitheoir idir 1 agus 3. Ríomhtar é ag ráta 0,10 in aghaidh na míosa ó dháta an chéad bhreithiúnais nó ón lá tar éis an dáta a dtéann [tréimhse trasuí don] treoir atá i gceist in éag.

[...]’

9 Foráiltear an méid seo a leanas le pointe 3.4 den Teachtaireacht sin, dar teideal ‘Cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh’:

‘[...]

Beidh an leibhéal pionóis is gá chun fónamh mar dhíspreagadh éagsúil ag brath ar chumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh. Léirítear an éifeacht dhíspreagthach sin sa fhachtóir n. Sainítear é mar mheán ualaithe geoiméadrach d’olltáirgeacht intíre (OTI) (17) an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán OTInna na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 2, agus de dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann, i gcomparáid le meándaonra na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 1. Is ionann sin agus cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh lena mbaineann i ndáil le cumas na mBallstát eile íocaíocht a dhéanamh:

$$\text{facteur n} = \left(\frac{\text{PIB}_n}{\text{PIB}_{moy}}\right)^{2/3} \text{x} \left(\frac{\text{Pop}_n}{\text{Pop}_{moy}}\right)^{1/3}$$

[...]

[...] chinn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodh chun an fhachtóir n a ríomh, atá anois ag brath go príomha ar OTI na mBallstát agus go cúlráideach ar a ndaonra mar chritéar déimeagrafach lenar féidir diall réasúnach a choinneáil idir na Ballstáit éagsúla. Agus daonra na mBallstát á chur san áireamh le haghaidh an tríú cuid de ríomh an fhachtóra, laghdaíonn sé go dtí leibhéal réasúnta an t-athrú ar fhachtóirí n na mBallstát, i gcomparáid le ríomh atá bunaithe ar OTI na mBallstát, agus ar an méid sin amháin. Cuireann sé freisin gné den chobhsaíocht le ríomh an fachtóir n, ós rud é nach dócha go mbeidh an daonra éagsúil go suntasach ar bhonn bliantúil. I gcodarsnacht leis sin, d’fhéadfadh luaineachtaí bliantúla níos mó a bheith ag OTI Ballstáit, go háirithe i dtréimhsí géarchéime eacnamaíochta. Ag an am céanna, ós rud é gurb ionann OTI an Bhallstáit agus dhá thrian den ríomh i gcónaí, tá sé fós ina phríomhfhachtóir chun measúnú a dhéanamh ar a chumas íocaíochta.

[...]’

10 Sonraítear modh ríofa don chnapshuim i bpointe 4.2 de Theachtaireacht 2023 mar a leanas:

‘Ríomhtar an chnapshuim ar bhealach atá cosúil, a bheag nó a mhór, leis an modh chun an íocaíocht phionósach a ríomh, is é sin:

– méid cothromráta a iolrú faoi chomhéifeacht don tromchúis,

– an toradh a iolrú faoin bhfachtóir n,

– an toradh a iolrú faoi líon na laethanta a leantar den sárú [...]

[...]'

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas le pointe 4.2 den Teachtaireacht sin:

'Chun an chnapshuim a ríomh, tá an méid laethúil le hiolrú faoi líon na laethanta a leanann an sárú ar aghaidh. Sainmhínítear an méid seo a leanas mar a leanas:

[...]

– i gcás caingne a thionscnaítear faoi Airteagal 260(2) [CFAE], is é sin líon na laethanta idir an dáta a tugadh an chéad bhreithiúnas agus an dáta a tháinig an sárú chun críche, nó, mura gcomhlíontar é, an dáta a tugadh an breithiúnas faoi Airteagal 260 [CFAE].

[...]'

12 Foráiltear le pointe 4.2.2 den Teachtaireacht sin:

'Chun an chnapshuim a ríomh, cuireann an Coimisiún an chomhéifeacht don tromchúis chéanna i bhfeidhm agus an fachtóir n seasta céanna agus a chuireann sé i bhfeidhm chun an íocaíocht phionósach a ríomh [...]

Tá méid an chothromráta don chnapshuim níos ísle ná d'íocaíochtaí pionósacha. [...]

Tá méid an chothromráta is infheidhme maidir leis an gcnapshuim leagtha amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn I.

[...]'

13 In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Teachtaireacht sin ó 2023, dar teideal 'Sonraí a úsáidtear chun smachtbhannaí airgeadais arna moladh don Chúirt a chinneadh', foráiltear, i bpointe 2, go socraítear méid an chothromráta don íocaíocht chnapshuime a luaitear i roinn 4.2.2 de Theachtaireacht 2003 ag EUR 1 000 in aghaidh an lae, is é sin aon trian den chothromráta le haghaidh íocaíochtaí pionósacha, agus, i bpointe 3, go bhfuil an fachtóir 'n' socraithe do Phoblacht na Seice ag 0,49. Luaitear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn I go socraítear cnapshuimeanna íosta do Phoblacht na Seice ag EUR 1 372 000.

An nós imeachta réamhdhlíthíochta agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

14 Sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht na Seice an 27 Eanáir 2022, ag gearán gur theip uirthi fógra a thabhairt dó faoi na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin uile is gá chun Treoir 2019/1937 a chomhlíonadh, agus chuaigh an tréimhse chun í a thrasuí in éag an 17 Nollaig 2021. Ina freagra an 21 Márta 2022, thug Poblacht na Seice fógra faoi bhearta éagsúla a líomhain sí gur cumasaíodh leo an Treoir a thrasuí i bpáirt. Ina theannta sin, ina fhreagra an 25 Márta 2022, luaigh an Ballstát sin go gcuirfeadh dhá bheart a bhí á dtarraingt suas an próiseas

trasuí i gcrích faoi dheireadh na chéad leithe de 2023. Bhí doiciméad míniúcháin ag gabháil leis na freagraí sin ina léirítear go háirithe, do gach foráil den Treoir, an fhoráil nó na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear í.

15 In éagmais aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le trasuí Threoir 2019/1937, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig Poblacht na Seice an 15 Iúil 2022, inar iarradh uirthi a hoibleagáidí faoin Treoir sin a chomhlíonadh laistigh de 2 mhí tar éis an tuairim sin a fháil.

16 Ina freagra ar an tuairim sin dar dáta an 9 Meán Fómhair 2022, léirigh Poblacht na Seice gur mheas sí go ndearnadh Treoir 2019/1937 a thrasuí i bpáirt leis na bearta ar thug sí fógra ina leith don Choimisiún roimhe sin agus le cleachtas riaracháin na n-údarás náisiúnta. Ina theannta sin, shonraigh an Ballstát sin nár ghá bearta sonracha trasuite i gcás ar bith maidir le forálacha áirithe den Treoir sin. Mheabhraigh sí freisin go nglacfaí an dlí lena ndéanfaí an Treoir sin a thrasuí ag deireadh na chéad leithe de 2023.

17 An 14 Meán Fómhair 2022, thug Poblacht na Seice fógra don Choimisiún faoi bhearta trasuite breise chomh maith le leagan nuashonraithe den doiciméad míniúcháin. Ina fhreagra forlíontach ar thuairim réasúnaithe an 1 Nollaig 2022, chuir sí in iúl dó freisin gur cuireadh na dréachtdlíthe is gá chun trasuí iomlán agus éifeachtach a dhéanamh faoi bhráid an reachtais náisiúnta an 30 Samhain 2022.

18 De bhrí gur mheas an Coimisiún nach raibh a chuid oibleagáidí á gcomhlíonadh ag an mBallstát sin go fóill, chinn an Coimisiún, an 13 Márta 2023, an chaingean seo a thabhairt os comhair na Cúirte.

19 An 20 agus an 21 Meitheamh 2023, thug Poblacht na Seice fógra don Choimisiún faoi bhearta breise lena dtrasuitear Treoir 2019/1937, go háirithe an zákon č. 171/2023 Sb., o ochraně oznamovatelů (Dlí 171/2023 maidir le Cosaint Sceithirí) agus an zákon č. 172/2023 Sb., kterým se mění některé zákony v souvislosti s přijetím zákona o ochraně oznamovatelů (Dlí 172/2023 lena leasaítear dlíthe áirithe i gcomhthéacs ghlacadh an Dlí maidir le Cosaint Sceithirí). Tháinig an dá dhlí sin i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2023.

20 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 18 Deireadh Fómhair 2023, tugadh cead do Phoblacht na Beilge idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag Poblacht na Seice.

21 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 19 Nollaig 2023, cuireadh bac ar na himeachtaí go dtí gur tugadh an breithiúnas i gCás C-147/23. Tar éis bhreithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)* (C-147/23, EU:C:2024:346), a thabhairt, cuireadh tús arís leis na himeachtaí sa chás seo le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an lá céanna.

22 Le doiciméad an 28 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún an Chúirt ar an eolas go bhféadfaí a mheas gur tugadh trasuí Threoir 2019/1937 ag Poblacht na Seice chun críche an 1 Lúnasa 2023. Dá réir sin, tharraing an institiúid sin siar a caingean i bpáirt, ar an gcéad dul síos, ag tarscaoileadh a hiarrata go socrófaí íocaíocht phionósach agus, ar an dara dul síos, leasaigh sí a héileamh gur cheart ordú a thabhairt don Bhallstát sin cnapshuim a íoc, ag éileamh mhéid EUR 2 895 900 ina leith sin.

An chaingean

Mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE

Argóintí na bpáirtithe

23 Tugann an Coimisiún chun cuimhne go gceanglaítear ar na Ballstáit, de bhun an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE, na forálacha is gá a ghlacadh chun treoracha a thrasuí ina gcórais dlí náisiúnta, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sna Treoracha sin, agus fógra faoi na forálacha sin a thabhairt don Choimisiún láithreach.

24 Sonraíonn an institiúid sin nach mór measúnú a dhéanamh ar mainníodh nó nár mainníodh na hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir faoi mar atá cúrsaí sa Bhallstát ar éag don tréimhse arna leagan síos sa tuairim réasúnaithe a chuir sí chuige.

25 Sa chás seo, níor ghlac Poblacht na Seice na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Treoir 2019/1937 a thrasuí ná níor chuir sí an Coimisiún ar an eolas faoina nglacadh roimh dhul in éag na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022.

26 I ndáil leis sin, ní féidir leis na forálacha ar thug Poblacht na Seice fógra ina leith le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta, a glacadh roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2019/1937, a bheith ina dtrasuí leordhóthanach ar an Treoir sin, i bhfianaise a raoin feidhme ghinearálta agus easpa tagartha sna forálacha sin don Treoir sin. Dá bhrí sin, níl forálacha sonracha in aon cheann de na bearta ar tugadh fógra ina leith d'fhonn sceithirí a chosaint mar a cheanglaítear leis an Treoir sin.

27 Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún in iúl nach ionann cleachtas riaracháin agus forálacha treorach a thrasuí i bhfianaise na gceanglas maidir le cobhsaíocht agus deimhneacht dhlíthiúil arb iad saintréithe a gcur chun feidhme ag na Ballstáit.

28 Aithníonn Poblacht na Seice nár áirithíodh trasuí iomlán Threoir 2019/1937 sa dlí náisiúnta faoi dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe, agus luann sí go raibh an dlí lena gcumasaítear trasuí den sórt sin a dhéanamh le glacadh sna laethanta tar éis an chosaint a thaisceadh.

29 Mar sin féin, cuireann an Ballstát sin i gcoinne inghlacthacht agus bhunús na caingne araon.

30 Dá réir sin, ar an gcéad dul síos, d'athraigh an Coimisiún ábhar na n-imeachtaí ag céim an iarratais. Ní hionann an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a ndéantar gearán ina leith sa chaingean seo agus an mhainneachtain a sainíodh sa tuairim réasúnaithe, ós rud é nár chuir an Coimisiún san áireamh na forálacha maidir le trasuí páirteach a cuireadh in iúl sular tugadh fógra faoin tuairim réasúnaithe, cé nár chaith sé amhras ar a n-ábharthacht, mar is léir ó fhoclaíocht na tuairime réasúnaithe. Agus an méid sin á dhéanamh, níor shuigh an Coimisiún go beacht raon na mainneachtana líomhainte oibleagáidí a chomhlíonadh agus sháraigh sé cearta cosanta Phoblacht na Seice.

31 Ar an dara dul síos, tá an chaingean gan bhunús maidir le forálacha Threoir 2019/1937 a mhaítear gur trasuíodh iad leis na forálacha ar thug Poblacht na Seice fógra ina leith agus le cleachtais riaracháin áirithe. Ní fhágann cineál ginearálta roinnt de na forálacha sin ar tugadh fógra ina leith, nach ndéanann an Ballstát sin díospóid ina leith, nárbh fhéidir leo an Treoir sin a chur

chun feidhme go leordhóthanach. Áitíonn Poblacht na Seice gur shainaithin sí, as 29 nAirteagal san iomlán den Treoir sin, 102 fhoráil a bhí le measúnú i bhfianaise an ghá atá lena dtrasuí sa dlí náisiúnta. Luann sí gur trasuíodh 49 díobh ar bhonn na reachtaíochta atá ann cheana agus gur measadh nach raibh 23 cinn díobh ábhartha ó thaobh trasuí de. Dá bhrí sin, ní mór an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a theorannú do 30 foráil.

32 Ar an gcéad dul síos, le nařízení vlády č. 145/2015 Sb., o opatřeních souvisejících s oznamováním podezření ze spáchání protiprávního jednání ve služebním úřadu (Rialachán Rialtais Uimh. 145/2015 maidir le forálacha a bhaineann le tuairisciú amhrais maidir le hiompar neamhdhleathach i bhfeidhmiú feidhmeanna), a chuir Poblacht na Seice ar aghaidh chuig an gCoimisiún, cumasaítear cur chun feidhme 28 bhforáil de Threoir 2019/1937 maidir le sceithirí a thagann faoi stádas na státseirbhíse, go háirithe Airteagail 1 agus 6 agus Airteagal 5(11) agus Airteagal 19 den Treoir sin.

33 Ina dhiaidh sin, maidir le sceithirí nach gcumhdaítear le stádas na státseirbhíse, ráthaítear íoschosaint leis an gcreat dlíthiúil ginearálta atá comhdhéanta, *inter alia*, den Chód Coiriúil, den Chód Sibhialta, den Chód Nós Imeachta Riaracháin agus den Chód Saothair. Measann Poblacht na Seice go gcumasaítear le forálacha sonracha an chreata dhlíthiúil sin, go háirithe, Airteagal 3(1), Airteagal 5 pointe (5), (7) agus (9), Airteagal 11(6), Airteagal 12(1) go (3) agus (5), Airteagal 16(2) agus (4), Airteagal 20(1) agus (2), Airteagal 21(5), (6) agus (8), Airteagal 22 agus Airteagal 23(1) agus (2) de Threoir 2019/1937 a thrasuí.

34 Ar deireadh, measann Poblacht na Seice nach bhfuil Airteagal 1, Airteagal 2(2), Airteagal 3(4), Airteagal 8(7), (8) agus (9), an dara agus an tríú fomhír, Airteagal 11(3) go (5), Airteagal 15(2), Airteagal 17, Airteagal 21(4), Airteagal 25, Airteagal 26(1), Airteagail 27 go 29 agus Codanna I agus II den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2019/1937 ábhartha ó thaobh trasuite de, agus dá bharr sin nach gá iad a thrasuí sa dlí náisiúnta.

35 Ina fhreagra, luann an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, gur léir ón tuairim réasúnaithe agus ón iarratas araon go gcáineann sé Poblacht na Seice toisc nár ghlac sí beart dearfach lena dtrasuitear Treoir 2019/1937. Dá bhrí sin, níor athraigh sé ábhar na díospóide ag céim an iarratais.

36 Ina dhiaidh sin, meabhraíonn an Coimisiún gur ceanglas é beart dearfach a ghlacadh lena dtrasuitear treoir, agus tagairt á déanamh don treoir atá le trasuí, lena gcuirtear ar chumas saoránach agus daoine dlítheanacha eolas a chur ar raon iomlán a gceart faoin treoir sin.

37 Ar deireadh, cuireann an Coimisiún in iúl nach gcuirtear as an áireamh mbeadh an beart dearfach trasuite ag tagairt do reachtaíocht atá ann cheana. Mar sin féin, i bhfianaise dhualgas na mBallstát maidir le comhar dílis, ní bheadh sé inghlactha do Bhallstát, agus moill ar thrasuí treorach á haithint, fógra a thabhairt don Choimisiún, ag céim an nós imeachta réamhdhlíthíochta, faoi bhearta náisiúnta éagsúla de chineál ginearálta nach dtagraíonn go sonrach don treoir atá le trasuí. Tugann an Coimisiún dá aire go gcaithfidh sé go dtiocfadh meath ar éifeachtacht a ghníomhaíochta i ngeall ar iompar den sórt sin.

38 Ina hathfhreagra, athdhearbhaíonn Poblacht na Seice, agus tagairt á déanamh aici don tuairim réasúnaithe, ar an gcéad dul síos, a gearán maidir le hathrú ar ábhar na mainneachtana oibleagáidí a chomhlíonadh, ós rud é gur léir ón tuairim sin agus ón nós imeachta a tháinig roimpi gur mheas an Coimisiún go ndearna an Ballstát sin Treoir 2019/1937 a thrasuí i bpáirt. Agus an méid sin á dhéanamh, níor luaigh an Coimisiún san fhógra sin na cúiseanna a mheas sé nach raibh na forálacha ar tugadh fógra ina leith ábhartha.

39 Ar an dara dul síos, meabhraíonn Poblacht na Seice, ag brath ar bhreithiúnas an 8 Iúil 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg (Airteagal 260(3) CFAE – Líonraí ardluais)* (C-543/17, EU:C:2019:573), gur faoin gCoimisiún atá sé easpa trasuí a shuí i gcomhthéacs an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 260(3) CFAE, ar oibleagáid í nach gcomhlíonfadh sé trína léiriú nach bhfuil tagairt do Threoir 2019/1937 sna forálacha ar tugadh fógra ina leith.

40 Thairis sin, ní féidir leis an ualach riaracháin a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar na forálacha ar tugadh fógra ina leith an Coimisiún a scaoileadh óna oibleagáid an mhainneachtain líomhainte oibleagáidí a chomhlíonadh a chruthú.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

– *Inghlacthacht*

41 Measann Poblacht na Seice, ar an gcéad dul síos, gur leathnaigh an Coimisiún ábhar na caingne ag céim an iarratais, trína thabhairt dá aire san iarratas, mainneachtain iomlán Treoir 2019/1937 a thrasuí sa dlí náisiúnta, cé gur thagair sé, sa tuairim réasúnaithe, do thrasuí neamhiomlán na Treorach sin.

42 Ní mór a mheabhrú gurb é cuspóir an nós imeachta réamhdhlíthíochta ná deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann, ar thaobh amháin, a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh agus, ar an taobh eile, leas a bhaint as a cheart chun é féin a chosaint i gcoinne na ngearán arna bhfoirmliú ag an gCoimisiún (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2017, *an Coimisiún* v *Éire (Cáin chláraithe)* (C-552/15, EU:C:2017:698), mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear). Thairis sin, de bhun Airteagal 258 CFAE, leagtar síos ábhar caingne mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i dtuairim réasúnaithe an Choimisiúin, ionas nach mór an chaingean a bheith bunaithe ar na forais agus na saincheisteanna dlí céanna leis an tuairim sin. Mar sin féin, ní théitear chomh fada leis an gceanglas sin agus a fhorchur, i ngach uile chás, nach mór an ráiteas agóidí sa chuid oibríochtúil den tuairim réasúnaithe agus an t-ordú atá á lorg san iarratas a bheith ar aon fhocal amháin, ar choinníoll nach gcuirtear síneadh nó athrú ar ábhar na díospóide, mar a shainítear é sa tuairim réasúnaithe. Féadfaidh an Coimisiún a ghearáin tosaigh a shonrú ina iarratas go háirithe, ar choinníoll, áfach, nach n-athraíonn sé ábhar na n-imeachtaí (breithiúnas an 16 Aibreán 2015, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-591/13, EU:C:2015:230, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Sa chás seo, is léir ó thuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022 gur cháin an Coimisiún Poblacht na Seice toisc nár ghlac sí agus na forálacha uile is gá chun Treoir 2019/1937 a thrasuí agus nár thug sí fógra ina leith, nach gcuireann an Ballstát sin ina choinne. I ndáil leis sin, cuireann an Ballstát sin in iúl, mar fhreagra ar an tuairim réasúnaithe sin, gur chuir sé gnéithe dá reachtaíocht atá ann cheana in iúl don Choimisiún, ar forálacha iad a dhearbhaigh sé gurbh fhéidir forálacha áirithe den Treoir sin a thrasuí leo.

44 Ina iarratas, meabhraíonn an Coimisiún go measann sé go bhfuil gá, agus treoir á trasuí, beart dearfach a ghlacadh ina bhfuil tagairt don treoir sin, agus iarrann sé ar an gCúirt a chinneadh nár ghlac Poblacht na Seice beart den sórt sin nó nár thug sí fógra faoi bheart den sórt, agus, dá bhrí sin, nár chomhlíon sí a hoibleagáidí faoi Airteagal 26(1) agus (3) de Threoir 2019/1937.

45 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur chuir an Coimisiún síneadh le hábhar an iarratais i ndáil leis an méid a shainítear sa tuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022.

46 Ar an dara dul síos, áitíonn Poblacht na Seice nár luaigh an Coimisiún, leis an mbeachtas agus an tsoiléireacht is gá, na cúiseanna nach bhféadfadh na forálacha ar thug sí fógra ina leith le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta mar bhearta lena dtrasuitear Treoir 2019/1937 i bpáirt ábhar na mainneachtana líomhainte oibleagáidí a chomhlíonadh a laghdú.

47 Mar a cuireadh in iúl i mír 44 den bhreithiúnas seo, is léir ón tuairim réasúnaithe agus ón gcaingean seo araon go gcáineann an Coimisiún Poblacht na Seice toisc nár ghlac sí beart dearfach lena gcumasaítear Treoir 2019/1937 a thrasuí ina raibh tagairt don treoir sin, agus nár thug sí fógra faoi bheart den sórt sin.

48 I ndáil leis sin, de réir cásdlí socair, má leagtar síos go sainráite le treoir oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil tagairt don Treoir sin sna forálacha is gá lena cur chun feidhme nó go bhfuil tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil, is gá, in aon chás, do na Ballstáit beart dearfach a ghlacadh lena dtrasuitear an Treoir atá i gceist (breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Laitvia (Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach)*, C-454/22, EU:C:2024:235, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Sa chás seo, ós rud é gur shonraigh Poblacht na Seice le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta agus ina cosaint go raibh beart dearfach trasuite ag tagairt go sainráite do Threoir 2019/1937 á ghlacadh, is comhthuiscint é nach raibh aon bheart den sórt sin glactha ar an dáta a tionscnaíodh an chaingean.

50 Dá réir sin, ní féidir leis an mBallstát sin a mhaíomh go bhfuil an chaingean seo do-ghlactha ar an bhforas nár cuireadh ar a chumas méid na mainneachtana líomhainte oibleagáidí a chomhlíonadh a dhéanamh amach, cé gur thionscain sé féin, ar an gcéad dul síos, an nós imeachta reachtach náisiúnta chun a oibleagáidí faoi Threoir 2019/1937 a chomhlíonadh agus, ar an dara dul síos, nach raibh an beart dearfach trasuite a d'fhógair sé le teacht i bhfeidhm go dtí an 1 Lúnasa 2023, is é sin le rá, beagnach 5 mhí tar éis an chaingean seo a thionscnamh agus níos mó ná 19 mí tar éis an 17 Nollaig 2021, an dáta a chuaigh an tréimhse chun Treoir 2019/1937 a thrasuí in éag.

51 Dá bhrí sin, tá an chaingean seo inghlactha.

– *Substaint*

52 Faoi Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937, b'éigean do na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Nollaig 2021. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 26(3) den Treoir sin, nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha náisiúnta sin, go mbeidh tagairt iontu don Treoir seo nó go mbeidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Thairis sin, de bhun Airteagal 26(3) den Treoir sin, ba faoi na Ballstáit a bhí sé téacs na bhforálacha náisiúnta sin a chur in iúl don Choimisiún.

53 De réir cásdlí socair, ní mór measúnú a dhéanamh ar mainníodh nó nár mainníodh na hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir faoi mar atá cúrsaí sa Bhallstáit ar éag don tréimhse arna leagan síos sa tuairim réasúnaithe agus nach féidir leis an gCúirt athruithe ina dhiaidh sin a chur san áireamh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Thairis sin, mar a tugadh faoi deara i mír 48 den bhreithiúnas seo, má leagtar síos go sainráite le treoir oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil tagairt don Treoir sin sna forálacha is gá lena cur chun feidhme nó go bhfuil tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil, is gá, in aon chás, do na Ballstáit beart dearfach a ghlacadh lena dtrasuitear an Treoir atá i gceist (breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Laitvia (an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach)*, C-454/22, EU:C:2024:235, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Sa chás seo, tar éis di a mheas nár chuir Poblacht na Seice na forálacha uile is gá in iúl di chun Treoir 2019/1937 a thrasuí go hiomlán, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an mBallstát sin an 15 Iúil 2022, inar iarradh air, laistigh de 2 mhí ón tuairim sin a fháil, na hoibleagáidí dá dtagraítear sa tuairim sin a chomhlíonadh.

56 Mar is léir ón gcosaint agus ón athfhreagra a chuir Poblacht na Seice isteach sna himeachtaí seo, ar dhul in éag na tréimhse sin, ní raibh na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin go léir is gá chun Treoir 2019/1937 a chomhlíonadh glactha ag an mBallstát sin agus, dá bhrí sin, ní raibh fógra faoi na forálacha sin tugtha aige don Choimisiún ach oiread.

57 Mar sin féin, is léir óna fhreagra an 9 Meán Fómhair 2022 agus óna Theachtaireacht an 14 Meán Fómhair 2022 go raibh an Coimisiún, ar an dáta sin, ar an eolas faoi na forálacha atá, go háirithe, sa Chód Sibhialta, sa Chód Nós Imeachta Riaracháin, sa Chód Saothair agus i Rialachán Rialtais 145/2015, mar bhearta lena dtrasuitear Treoir 2019/1937 i bpáirt. Luaigh an Ballstát sin leis an gCoimisiún freisin go ndearnadh forálacha áirithe den Treoir sin a thrasuí cheana féin toisc go raibh cleachtas riaracháin náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha sin agus nár ghá, in aon chás, roinnt forálacha eile den Treoir sin a thrasuí. Ina theannta sin, chuir Poblacht na Seice in iúl gur beartaíodh go dtiocfadh beart dearfach i bhfeidhm lena dtrasuitear an treoir chéanna ag deireadh na chéad leithe de 2023.

58 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, trína chur in iúl gur ghá trasuí Threoir 2019/1937 a chur i gcrích le linn 2023, admhaíonn Poblacht na Seice nár cuireadh trasuí iomlán na Treorach sin sa dlí náisiúnta i gcrích faoi dhul in éag na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 26(1) di ná faoi dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe, eadhon an 15 Meán Fómhair 2022.

59 Ar an dara dul síos, maidir le forálacha an dlí náisiúnta ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta, ar an gcéad dul síos, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 54 den bhreithiúnas seo, ní leor go bhfuil dlí Ballstáit atá i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2019/1937, de réir an Bhallstáit sin, i gcomhréir leis an Treoir sin cheana féin, chun an oibleagáid a eisiamh, don Bhallstáit sin, an Treoir sin a thrasuí ina dhlíchóras agus, dá bhrí sin, údar a thabhairt le mainneachtain den sórt sin oibleagáidí a chomhlíonadh (breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Laitvia (Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach)*, C-454/22, EU:C:2024:235, mír 42).

60 Ar an dara dul síos, cé gur fíor, mar a chuireann Poblacht na Seice in iúl, gur faoin gCoimisiún atá sé a shuíomh gurb ann don mhainneachtain líomhainte oibleagáidí a chomhlíonadh, is amhlaidh fós go gceanglaítear ar na Ballstáit, de bhun Airteagal 4(3) CAE, é a éascú don Choimisiún a chúram a chur i gcrích, arb é atá ann, go háirithe, faoi Airteagal 17(1) CAE, ná cur i bhfeidhm fhorálacha Chonradh FAE agus na forálacha arna nglacadh ag na hinstitiúidí dá bhun a áirithiú (breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an tSualainn (Saoráid Cóireála Dramhaíola)*, C-22/20, EU:C:2021:669, mír 144 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Ní go dtí gur thug an Coimisiún fógra faoin litir fógra fhoirmiúil gur thosaigh Poblacht na Seice ag tabhairt fógra don institiúid sin faoi fhorálacha a dlí náisiúnta lena dtrasuitear forálacha áirithe de Threoir 2019/1937.

62 Thairis sin, leanadh le cur in iúl na bhforálacha sin den dlí náisiúnta le linn na n-imeachtaí, go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, is é sin le rá, gan ach lá amháin roimh dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe, cé go raibh na forálacha sin i bhfeidhm i ndlíchóras Phoblacht na Seice sular glacadh an Treoir sin.

63 Ar an tríú dul síos, ba cheart a mheabhrú nach mór go mbeidh feidhm cheangailteach doshéanta leis na bearta náisiúnta lena gcuirtear foráil den sórt sin chun feidhme agus leis an tsainiúlacht, leis an mbeachtas agus leis an tsoiléireacht is gá, d'fhonn an ceanglas maidir le deimhneacht dhlíthiúil a chomhlíonadh, lena gceanglaítear, i gcás ina a bhfuil sé mar aidhm leis an treoir cearta a chruthú do dhaoine aonair, nach mór a chur ar chumas do na tairbhithe a gcearta iomlána a thuiscint (breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *U.I. (Ionadaí custaim indíreach)*, C-714/20, EU:C:2022:374, mír 59).

64 Ós rud é nach bhfuil aon tagairt do Threoir 2019/1937 i bhforálacha an dlí náisiúnta ar thug Poblacht na Seice fógra ina leith, ní féidir a mheas go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa mhír roimhe seo.

65 Ina theannta sin, maidir leis na cleachtais riaracháin arna gcur chun cinn ag Poblacht na Seice mar bheart lena dtrasuitear Treoir 2019/1937, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cleachtas nach bhfuil poiblíocht leordhóthanach ag gabháil leis faoi réir athrú ag an riarachán, agus mar thoradh air sin nach féidir a mheas gur comhlíonadh bailí é ar na hoibleagáidí atá ar Bhallstát faoi Chonradh FAE (breithiúnas an 13 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta II)*, C-123/22, EU:C:2024:493, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 Ar an gceathrú dul síos, maidir le neamhábharthacht forálacha áirithe de Threoir 2019/1937, a n-áitíonn Poblacht na Seice nach gá iad a thrasuí sa dlí náisiúnta, is leor a mheabhrú gur léir nach leor measúnú den sórt sin arna dhéanamh ag Ballstát chun an Ballstát sin a scaoileadh óna oibleagáid na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin go léir is gá a ghlacadh chun treoir a chomhlíonadh nó óna oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta lena dtrasuitear an treoir sin (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún* v *Éire (Comhrac i gcoinne sciúradh airgid)*, C-550/18, EU:C:2020:564, mír 88).

67 Dá thoradh sin, ní mór a thabhairt faoi deara, toisc nár glacadh, ar dhul in éag na tréimhse a fhorordaítear i dtuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin go léir is gá chun Treoir 2019/1937 a chomhlíonadh agus trí mhainneachtain na forálacha sin a chur in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na Seice na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh.

An t-iarratas arna dhéanamh faoi Airteagal 260(3) CFAE

Argóintí na bpáirtithe

68 Agus méid na cnapshuime á shocrú aige, braitheann an Coimisiún ar na prionsabail ghinearálta dá dtagraítear i bpointe 2 de Theachtaireacht 2023 agus ar an modh ríofa a leagtar amach i bpointí 3 agus 4 den Teachtaireacht sin. Go sonach, sonraíonn an institiúid sin nach mór méid na cnapshuime a chinneadh ar bhonn na gcritéar bunúsach arb iad sin tromchúis an tsáraithe, fad an tsáraithe agus an gá atá le héifeacht dhíspreagthach an smachtbhanna a áirithiú chun sáruithe eile a chosc.

69 Sa chéad áit, maidir le tromchúis an tsáraithe, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an chomhéifeacht is infheidhme faoi Theachtaireacht 2023 idir 1 ar a laghad agus 20 ar a mhéad. Sonraíonn an institiúid sin, i gcomhréir le pointe 3.2.2 den Teachtaireacht sin, go gcuireann sí comhéifeacht tromchúise 10 i bhfeidhm go córasach i gcás i gcás mainneachtain iomlán san oibleagáid fógra a thabhairt faoi na forálacha lena gcumasaítear treoir a thrasuí, go bhfuil aon mhainneachtain treoir a thrasuí agus fógra a thabhairt faoi na forálacha sin chomh tromchúiseach céanna, beag beann ar chineál fhorálacha na treorach lena mbaineann.

70 Sa dara háit, maidir le fad an tsáraithe, sonraíonn an Coimisiún, maidir le ríomh na cnapshuime, gurb ionann an méid sin agus líon na laethanta a leantar den sárú. Ríomhtar an tréimhse sin i gcomhréir le pointe 4.2.1 de Theachtaireacht 2023 agus go gcomhfhreagraíonn sí don líon laethanta idir an lá tar éis dhul in éag na tréimhse chun an Treoir atá i gceist a thrasuí agus an lá ar tháinig deireadh leis an sárú.

71 Sa tríú háit, maidir leis an gcritéar a bhaineann leis an ngá atá le héifeacht dhíspreagthach an smachtbhanna atá i gceist a áirithiú i bhfianaise chumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann, sonraíonn an Coimisiún go gcuirtear an critéar sin in iúl leis an bhfachtóir ‘n’ a shocraítear do gach Ballstát i bpointe 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023. Ríomhtar an méid sin bunaithe ar an gcóimheas idir OTI an Stáit lena mbaineann agus meán-OTI náisiúnta an Aontais arna iolrú faoin gcóimheas idir daonra an Stáit sin agus meándaonra náisiúnta an Aontais. Déanfar an chéad chóimheas a ualú ag dhá thrian agus déanfar an dara cóimheas a ualú ag aon trian. De bhun phointe 3, is é 0,49 fachtóir ‘n’ Phoblacht na Seice.

72 Dá bhrí sin, molann an Coimisiún, de bhun phointe 4.2 de Theachtaireacht 2023, comhéifeacht tromchúise 10 a ghlacadh agus an fachtóir ‘n’ 0,49 a chur i bhfeidhm. Ba cheart toradh an dá eilimint sin a iolrú faoin gcnapshuim a shocraítear i bpointe 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Teachtaireacht sin, eadhon EUR 1 000, a chomhfhreagraíonn do shuim EUR 4 900, atá le hiolrú faoi líon na laethanta a leanfar den sárú, i gcomhréir le pointe 4.2.1 den Teachtaireacht sin. Deir an Coimisiún nach mór íocaíocht na cnapshuime sin a fhorchur ar choinníoll go sáraíonn sí EUR 1 372 000, arb é sin méid na cnapshuime íosta a shocraítear le haghaidh Phoblacht na Seice i bpointe 5 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023.

73 Ina cosaint, áitíonn Poblacht na Seice, agus measúnú á dhéanamh aici ar thromchúis na mainneachtana oibleagáidí a chomhlíonadh, gur faoin gCoimisiún atá sé an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a chur san áireamh. Ós rud é go bhfágann na forálacha ar tugadh fógra ina leith le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta gur féidir, de réir an Bhallstáit sin, forálacha áirithe de Threoir 2019/1937 a thrasuí, ní mór iad a chur san áireamh agus méid na cnapshuime á shocrú i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne, ós rud é gur cheart don Choimisiún

idirdhealú a dhéanamh idir cásanna nach ndéantar trasuí ar chor ar bith agus cásanna ina ndéantar trasuí páirteach. Dá bhrí sin, níor cheart an comhéifeacht thromchúise a bheith níos mó ná 4.

74 Ina éileamh breise an 28 Bealtaine 2024, molann an Coimisiún, tar éis do Phoblacht na Seice fógra a thabhairt maidir le teacht i bhfeidhm Dhlíthe 171/2023 agus 172/2023 an 1 Lúnasa 2023, go measfar go n-áirítear le líon na laethanta a leantar den sárú idir an 18 Nollaig 2021, eadhon, an lá tar éis dhul in éag na tréimhse chun Treoir 2019/1937 a thrasuí, agus an 31 Iúil 2023, eadhon, an lá roimh theacht i bhfeidhm na ndlíthe lena gcumasaítear trasuí na treorach sin. Mar thoradh air sin, tá an méid laethúil molta de EUR 4 900 (10 × 0,49 × 1 000) le hiolrú faoi líon na laethanta a leantar den sárú, i.e. 591 lá. Dá bhrí sin, is é EUR 2 895 900 méid na cnapshuime a iarrtar.

75 An 17 Meitheamh 2024, chuir Poblacht na Seice barúlacha isteach ina raibh an Ballstát sin den tuairim, ag féachaint do na forálacha lena dtrasuitear Treoir 2019/1937 i bpáirt, a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta, agus don chomhar a léirigh sí, nár cheart go mbeadh an chomhéifeacht thromchúise níos mó ná 3.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

76 Foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 260(3) CFAE, nuair a thabharfaidh an Coimisiún cás os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 258 [CFAE], ar an bhforas gur mhainnigh an Ballstát lena mbaineann a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis na forálacha is gá a chur in iúl lena ndéantar treoir a glacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach a thrasuí, go bhféadfaidh sé, nuair is iomchuí leis, méid na cnapshuime nó na híocaíochta pionósaí a bheidh le híoc ag an mBallstát lena mbaineann a mheasfaidh sé a bheith iomchuí sna himthosca a shonrú. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 260(3) CFAE, má chinneann an Chúirt go bhfuil mainneachtain ann, féadfaidh sí cnapshuim nó íocaíocht phionósach nach mó ná an méid arna shonrú ag an gCoimisiún a fhorchur ar an mBallstát lena mbaineann, an oibleagáid íocaíochta a mbeidh éifeacht aici ag teacht i bhfeidhm ar an dáta a shocróidh an Chúirt ina breithiúnas.

77 Ós rud é, mar is léir ó mhír 67 den bhreithiúnas seo, go bhfuil sé suite, ar dhul in éag na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022, nár ghlac Poblacht na Seice ná nár thug sí fógra don Choimisiún maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin uile is gá chun forálacha Threoir 2019/1937 a thrasuí ina dlí náisiúnta, tagann mainneachtain na n-oibleagáidí a chomhlíonadh arna aithint faoi raon feidhme Airteagal 260(3) CFAE.

78 Thairis sin, ní mór a mheabhrú gurb é an cuspóir atá á shaothrú ag an gcóras a leagtar amach in Airteagal 260(3) CFAE, ní hamháin na Ballstáit a spreagadh chun deireadh a chur, a luaithe is féidir, le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a leanfadh, in éagmais foráil den sórt sin, de bheith ann, ach freisin an nós imeachta chun pionóis airgeadais a fhorchur a mhaolú agus a bhrostú i ndáil le mainneachtain an oibleagáid fógra a thabhairt faoi fhorálacha náisiúnta lena dtrasuitear treoir arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach a chomhlíonadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, déantar foráil in Airteagal 260(3) CFAE maidir le forchur, *inter alia*, cnapshuime mar phionós airgid.

80 Tá an t-ordú chun cnapshuim a íoc bunaithe ar mheasúnú ar na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain na hoibleagáidí atá ar an mBallstát lena mbaineann a chomhlíonadh maidir leis na leasanna príobháideacha agus poiblí lena mbaineann, go háirithe i gcás ina leanann mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh ar aghaidh ar feadh tréimhse fhada (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún cúiseanna le cineál agus méid na bpionós airgeadais atá á lorg, agus na treoirlínte atá glactha aige á gcur san áireamh, amhail na treoirlínte atá ina theachtaireachtaí, a rannchuidíonn, cé nach bhfuil siad ceangailteach ar an gCúirt, le trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil na gníomhaíochta arna déanamh ag an gCoimisiún a áirithiú (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82 Maidir leis an gceist an bhfuil sé iomchuí cnapshuim a fhorchur, is faoin gCúirt atá sé, i ngach cás agus i bhfianaise imthosca an cháis atá os a comhair agus leibhéal an áitithe agus an díspreagtha is cosúil a bheith ag teastáil, na pionóis airgeadais iomchuí a leagan síos, go háirithe chun a sheachaint go ndéanfar sáruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais a sheachaint in athuair (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83 Sa chás seo, ní mór a mheas, d'ainneoin gur chomhoibrigh Poblacht na Seice le seirbhísí an Choimisiúin le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta agus gur thug sí fógra faoi fhorálacha a dlí reatha a d'fhéadfadh forálacha áirithe de Threoir 2019/1937 a thrasuí, go léiríonn na gnéithe dlíthiúla agus fíorasacha go léir a bhaineann leis an mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh gur gá, chun cosc a chur go héifeachtach ar sáruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais amach anseo, beart díspreagthach a ghlacadh amhail cnapshuim a fhorchur. Ar an gcéad dul síos, níor thug Poblacht na Seice fógra don Choimisiún go dtí gur sheol an institiúid sin an litir fógra fhoirmiúil an 27 Eanáir 2022 faoi na forálacha náisiúnta a mheas sí a bheith ina dtrasuí ar fhorálacha áirithe de Threoir 2019/1937. Ina dhiaidh sin, leanadh d'fhógraí a thabhairt go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, eadhon, lá amháin roimh dhul in éag na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022, cé go raibh na forálacha ar tugadh fógra ina leith i bhfeidhm sa dlíchóras náisiúnta sular glacadh Treoir 2019/1937. Ar deireadh, ní mór a thabhairt faoi deara, go dtí gur tháinig Dlíthe 171/2023 agus 172/2023 i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2023, nár ceadaíodh leis na forálacha ar tugadh fógra ina leith trasuí éifeachtach, sonrach agus iomlán na Treorach sin, mar a meabhraíodh i mír 64 den bhreithiúnas seo.

84 Maidir le méid na cnapshuime a ríomh, ba cheart a mheabhrú, de bhun Airteagal 260(3) CFAE, nach bhfuil dlínse ach ag an gCúirt pionós airgid a fhorchur ar Bhallstát. Mar sin féin, in imeachtaí arna dtionscnamh ar bhonn na forála sin, tá lánrogha theoranta ag an gCúirt, ós rud é, i gcás ina gcinneann sí gur mhainnigh an Ballstát a oibleagáidí a chomhlíonadh, go bhfuil na tograí ón gCoimisiún ina gceangal ar an gCúirt maidir le cineál an phionóis airgid a fhéadfaidh sí a fhorchur agus maidir le huasmhéid an phionóis a fhéadfaidh sí a fhorchur (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

85 Agus a lánrogha á feidhmiú aici maidir leis an ábhar mar a leagtar amach sna tograí ón gCoimisiún, is faoin gCúirt atá sé méid na cnapshuime a shocrú a fhéadfar a ordú do Bhallstát a íoc faoi Airteagal 260(3) CFAE ar bhealach go bhfuil sé, ar an gcéad dul síos, iomchuí do na himthosca agus, ar an dara dul síos, comhréireach leis an sárú a rinneadh. I measc na dtosca atá

ábhartha ina leith sin tá tosca amhail tromchúis na mainneachtana oibleagáidí a chomhlíonadh a tugadh faoi deara, an tréimhse inar lean an mhainneachtain ar aghaidh agus cumas íocaíochta an Bhallstáit atá i gceist (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, míreanna 68 agus 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

86 Ba cheart a mheabhrú freisin, agus an lánrogha sin á feidhmiú, nach bhfuil treoirlínte, amhail teachtaireachtaí ón gCoimisiúin, ina gceangal ar an gCúirt, ach go rannchuidíonn siad le trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil na gníomhaíochta a dhéanann an Coimisiún féin a áirithiú nuair a chuireann an institiúid sin tograí faoi bhráid na Cúirte (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

87 Sa chás seo, bhí an Coimisiún ag brath ar Theachtaireacht 2023 chun údar a thabhairt lena éileamh gur cheart ordú a thabhairt do Phoblacht na Seice cnapshuim a íoc agus méid na cnapshuime a shocrú.

88 Sa chéad áit, maidir le tromchúis an tsáraithe a tugadh faoi deara, is léir ó phointe 3.2 de Theachtaireacht 2023 gurb amhlaidh, dar leis an gCoimisiún, go meastar i gcónaí gur mainneachtain thromchúiseach í mainneachtain fógra a thabhairt faoi fhorálacha lena gcumasaítear treoir arna glacadh i gcomhthéacs an nós imeachta reachtaigh a thrasuí. Dá réir sin, tugann an mhainneachtain sin oibleagáidí a chomhlíonadh údar le comhéifeacht thromchúise 10 a chur i bhfeidhm go huathoibríoch.

89 Déanann Poblacht na Seice agóid i gcoinne leibhéal na comhéifeachta sin agus i gcoinne chur i bhfeidhm uathoibríoch na comhéifeachta sin in imthosca na mainneachtana oibleagáidí a chomhlíonadh a tugadh faoi deara.

90 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur oibleagáidí riachtanacha de chuid na mBallstát iad an oibleagáid forálacha a ghlacadh chun trasuí iomlán treorach a áirithiú agus an oibleagáid iad a chur in iúl don Choimisiún d'fhonn éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú, agus nach mór, dá bhrí sin, a mheas go bhfuil tromchúis gan amhras ag baint le mainneachtain na n-oibleagáidí sin a chomhlíonadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

91 Sa chás seo, ní mór a chur in iúl gur ionstraim ríthábhachtach de dhlí an Aontais í Treoir 2019/1937 a mhéid a bhunaítear léi, de bhun Airteagal 1, arna léamh i gcomhar le haithris 1, íoschaighdeáin choiteanna lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta cothromaithe agus éifeachtach do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i réimsí ar féidir sáruithe den sórt sin dochar ar leith a dhéanamh do leas an phobail. Trí chóras a bhunú chun cosaint a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i gcomhthéacs oibre, rannchuidíonn an Treoir sin le dochar do leas an phobail a chosc i réimsí íogaire, amhail soláthar poiblí, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, cosaint an chomhshaoil nó leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, leagtar síos le forálacha na Treorach sin oibleagáid ar eintitis san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon bealaí tuairiscithe inmheánacha agus nósanna imeachta maidir le tuairiscí a ghlacadh agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith a chur ar bun, agus cearta na ndaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais agus na coinníollacha faoina bhféadfaidís tairbhe a bhaint as an gcosaint dá bhforáiltear á ráthú ag an am céanna (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 73).

92 Is gá go ndéantar dochar le mainneachtain forálacha Threoir 2019/1937 a thrasuí laistigh den tréimhse fhorordaithe do dhlí an Aontais agus dá chur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach, ós rud é go bhféadfadh sé nach ndéanfaí tuairisc ar sháruithe ar an dlí sin mura dtairbhíonn daoine atá ar an eolas faoi sháruithe den sórt sin de chosaint ar fhrithbheart a d'fhéadfadh a bheith ann (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 74).

93 É sin ráite, ní mór méid na bpionós airgeadais arna bhforchur ar Bhallstát de bhun Airteagal 260(3) CFAE a bheith iomchuí do na himthosca agus comhréireach leis an sárú a rinneadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 75), mar a meabhraíodh i mír 85 den bhreithiúnas seo.

94 Ar an gcúis sin, chinn an Chúirt go gcuireann cur i bhfeidhm uathoibríoch na comhéifeachta tromchúise céanna i ngach cás nár trasuíodh treoir go hiomlán agus, dá bhrí sin, i gcás nár tugadh fógra faoi na bearta lena dtrasuitear an treoir sin, bac ar mhéid na bpionós airgeadais a choigeartú do na himthosca a bhaineann leis an sárú agus ar phionóis chomhréireacha a fhorchur (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 76).

95 I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl, trí ghlacadh leis nach mór a mheas go bhfuil an tromchúis chéanna ag baint leis an sárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta lena dtrasuitear treoir, beag beann ar an treoir lena mbaineann, nach bhfuil an Coimisiún in ann na pionóis airgeadais a choigeartú i bhfianaise na n-iarmhairtí ar leasanna príobháideacha agus poiblí a eascraíonn as mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh, dá bhforáiltear i mír 3.2.2 de Theachtaireacht 2023 (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 77).

96 Sa chás seo, d'áitigh Poblacht na Seice, ina cosaint, go ndearnadh Treoir 2019/1937 a thrasuí i bpáirt i reachtaíocht na Seice cheana féin.

97 Le dhá Theachtaireacht, ceann amháin an 21 Márta 2022 agus an ceann eile an 14 Meán Fómhair 2022, thug Poblacht na Seice fógra don Choimisiún faoi fhorálacha atá, *inter alia*, sa Chód Sibhialta, sa Chód Nós Imeachta Riaracháin, sa Chód Saothair agus i Rialachán Rialtais 145/2015, ar forálacha iad lenar cumasaíodh, mar a mhaíonn an Ballstát sin, 49 bhforáil de Threoir 2019/1937 a thrasuí.

98 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh nár suíodh go raibh iarmhairtí na mainneachtana oibleagáidí a chomhlíonadh a tugadh faoi deara sa chás seo maidir le leasanna príobháideacha agus poiblí chomh diúltach agus a bheadh i gcás mainneachtain iomlán Treoir 2019/1937 a thrasuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 92).

99 Is amhlaidh fós gur admhaigh Poblacht na Seice féin, ina cosaint, go raibh na rialacha lena gcosnaítear daoine a thuairiscíonn sáruithe ar an dlí scaipthe i ndlíchóras na Seice roimh theacht i bhfeidhm Dhlíthe 171/2023 agus 172/2023 agus nach raibh aon tagairt shainráite do chosaint na ndaoine sin iontu, contrártha do cheanglais Airteagal 26(3) de Threoir 2019/1937.

100 In éagmais rialacha sonracha agus soiléire maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, amhail an chosaint sin dá bhforáiltear le Treoir 2019/1937, cuirtear cosc ar chosaint éifeachtach na ndaoine sin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé amhras a chaitheamh ar chur i

bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach an dlí sin sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 94).

101 Mar a mheabhraítear i mír 91 den bhreithiúnas seo, trí ardleibhéal cosanta a bhunú do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i gcomhthéacs oibre, rannchuidíonn Treoir 2019/1937 le dochar do leas an phobail a chosc, i réimsí atá thar a bheith íogair, amhail soláthar poiblí, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, cosaint an chomhshaoil nó leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 95).

102 É sin ráite, mar a luaitear i mír 92 den bhreithiúnas seo, in éagmais cosaint éifeachtach, d'fhéadfaí daoine atá ar an eolas faoi shárú ar dhlí an Aontais sna réimsí sin a dhíspreagadh óna dtuairisciú, ós rud é, tríd an méid sin a dhéanamh, go bhféadfaí iad a bheith i mbaol frithbheart (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 96).

103 Dá bhrí sin, i bhfianaise an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 1 de Threoir 2019/1937, arna léamh i gcomhar le haithris 1, is mainneachtain thromchúiseach í gan na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh chun an Treoir sin a thrasuí go hiomlán agus go beacht (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 97).

104 Sa dara háit, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar fhad an tsáraithe, ní mór a mheabhrú, maidir le tús na tréimhse nach mór a chur san áireamh agus méid na cnapshuime á shocrú, nach é an dáta atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar fhad an tsáraithe atá i gceist dáta éaga na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an Choimisiúin, ach an dáta a rachaidh an tréimhse thrasuí a leagtar síos leis an treoir atá i gceist in éag (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Tá comhthuiscint ann, ar dhul in éag na tréimhse trasuí a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937, eadhon an 17 Nollaig 2021, nár ghlac Poblacht na Seice na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin uile is gá chun trasuí sonrach agus iomlán na treorach sin a áirithiú agus, dá bhrí sin, nár thug sí fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin, contrártha d'Airteagal 26(3) den Treoir sin. Dá bhrí sin, lean an mhainneachtain atá i gceist, nár tháinig deireadh léi go dtí an 1 Lúnasa 2023, le teacht i bhfeidhm Dhlíthe 171/2023 agus 172/2023, ar feadh níos mó ná bliain go leith.

106 Ar an tríú dul síos, maidir le cumas an Bhallstáit atá i gceist íocaíocht a dhéanamh, is léir ó chásdlí na Cúirte, gan dochar don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún pionóis airgeadais a mholadh bunaithe ar roinnt critéar, d'fhonn, *inter alia*, bearna réasúnta a choinneáil idir na Ballstáit éagsúla, nach mór OTI an Stáit sin a chur san áireamh mar phríomhthoisc chun measúnú a dhéanamh ar a chumas íocaíochta agus chun pionóis atá athchomhairleach agus comhréireach go leor a shocrú, d'fhonn cosc a chur go héifeachtach ar sháruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais amach anseo (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

107 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt arís agus arís eile gur gá na forbairtí is déanaí in OTI an Bhallstáit a chur san áireamh, mar atá sé tráth scrúdú na Cúirte ar na fíorais (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

108 Sa chás seo, sainmhínítear an fachtóir 'n', arb ionann é agus cumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le cumas íocaíochta na mBallstát eile, arna cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir le míreanna 3.4 agus 4.2 de Theachtaireacht 2023, mar mheán geoiméadrach ualaithe OTI an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán OTI na mBallstát lena mbaineann, arb ionann é agus dhá thrian de ríomh an fhachtóra 'n', agus de dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meándaonra na mBallstát, arb ionann é agus aon trian de ríomh an fhachtóra 'n', mar is léir ón gcothromóid dá dtagraítear i mír 9 den bhreithiúnas seo. Tugann an Coimisiún údar leis an modh sin chun an fachtóir 'n' a ríomh tríd an gcuspóir diall réasúnta fhachtóirí 'n' na mBallstát a choinneáil ar bun, i gcomparáid le ríomh atá bunaithe ar OTI na mBallstát amháin agus tríd an gcuspóir cobhsaíocht áirithe a áirithiú agus an fachtóir 'n' á ríomh, ós rud é nach dócha go mbeidh éagsúlacht shuntasach sa daonra ar bhonn bliantúil (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

109 Chinn an Chúirt, áfach, nach bhféadfaí critéar déimeagrafach a chur san áireamh i gcomhréir le pointe 3.4 agus pointe 4.2 de Theachtaireacht 2023 sa mhodh chun an fachtóir 'n' a ríomh, sa chinneadh ar chumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (an Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, míreanna 84 go 86).

110 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 106 den bhreithiúnas seo agus in éagmais critéar ábhartha arna chur ar aghaidh ag an gCoimisiún chun ríomh cobhsaí a áirithiú agus diall réasúnta ó fhachtóirí 'n' na mBallstát a choinneáil ar bun, is trí mheán-OTI Phoblacht na Seice le 3 bliana anuas a chur san áireamh gur cheart méid na cnapshuime a shocrú.

111 I bhfianaise na mbreithnithe sin agus i bhfianaise na lánrogha a thugtar don Chúirt le hAirteagal 260(3) CFAE, lena bhforáiltear nach bhféadfaidh an Chúirt, a mhéid a bhaineann leis an gcnapshuim, méid a shocrú atá níos mó ná an méid a mhol an Coimisiún, ní mór a mheas gur gá cnapshuim a fhorchur chun cosc a chur go héifeachtach ar athdhéanamh sáruithe amach anseo atá cosúil leis an méid a eascraíonn as sárú ar mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 26 de Threoir 2019/1937 agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais, agus nach mór a méid a shocrú ag EUR 2 300 000.

Costais

112 De réir théarmaí Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún go n-íocfaidh Poblacht na Seice as na costais agus nár éirigh léi ina saincheisteanna dlí arna maíomh, ní mór a ordú di, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc.

113 Foráiltear le hAirteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta go n-íocfaidh na Ballstáit agus na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin. De bhun na forála sin, ordaítear do Phoblacht na Beilge a costais féin a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra):

1. **Dearbhaítear, toisc nár ghlac sí, ar dhul in éag na tréimhse a fhorordaítear i dtuairim réasúnaithe an Choimisiúin an 15 Iúil 2022, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin go léir is gá chun Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais a chomhlíonadh, agus, toisc nár thug sí fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na Seice a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh.**

2. **Ordaítear do Phoblacht na Seice cnapshuim de mhéid EUR 2 300 000 a íoc leis an gCoimisiún Eorpach.**

3. **Ordaítear do Phoblacht na Seice a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.**

4. **Ordaítear do Phoblacht na Beilge a costais féin a íoc.**

Sínithe